# EESC Info

European Economic and Social Committee

A bridge between Europe and organised civil society

January 2022 | GA

## TGV2/E7: Bliain Eorpach na hÓige 2022: is le gníomhaíocht ar son na haeráide ba cheart tús a chur le cumhachtú na n-óg

Agus tús á chur le Bliain Eorpach na hÓige 2022, d'fhiafraíomar de thriúr ceannairí cén rud is mó a bhí uathu i mbliana. Dar le gach duine acu, tá rud amháin riachtanach le go mbeidh an bhliain seo rathúil; is é sin go mbeadh daoine óga rannpháirteach sna próisis chinnteoireachta ina nglacann daoine fásta cinntí suntasacha i dtaca leis an aeráid. Níl amhras ar bith ar **Adélaïde Charlier**, duine de cheannairí ghluaiseacht na stailce scoile don aeráid ach nach mór go n-éireoidh le Bliain Eorpach na hÓige i dtaca leis seo, agus tugann Leas-Uachtarán CESE **Cillian Lohan** agus an Coimisinéir Eorpach um an gComhshaol **Virginijus Sinkevičius** ómós d'aos óg na hEorpa as a gcuid agóidí suntasacha a chuir an tsaincheist lofa seo ar bharr chlár oibre an Aontais.


Available Languages:

ES BG CS DA EN DE ET FR EL GA HR IT LV LT HU MT

# EDITORIAL



## An fuinneamh a aimsiú le sinn a sheoladh ar chonair an tsoirbhíochais agus an dóchais

Ar an gcéad dul síos, is mór is cathú liom gur imigh David Sassoli, Uachtarán Pharlaimint na hEorpa, uainn ar shlí na fírinne gan choinne. I mí na Bealtaine 2020, rinne an tUachtarán Sassoli tagairt don chaoi ar léirigh an phaindéim dúinn an ‘acmhainn mhórthábhachtach’ atá ar fáil againn san Aontas Eorpach, mar atá sochaí shibhialta na hEorpa. Braithfimid uainn go mór é.

Tá dhá bhliain ann anois ó chualamar trácht ar COVID-19 den chéad uair. Cé gur maíodh i gcuid de na tuairiscí luatha faoin víreas go bhféadfadh sé tús a chur le paindéim dhomhanda, is lag a shíl aon duine againn go mbeadh sé fós i réim in 2022.

Fáiltímid roimh an Athbhliain agus déanaimid ár ndícheall athuair an fuinneamh a aimsiú is gá le sinn a sheoladh ar chonair an tsoirbhíochais agus an dóchais.

Samhlaítear dom go bhfuil mana Uachtaránacht na Fraince ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh thar a bheith oiriúnach: téarnamh, neart agus muintearas. Agus trí ais na hUachtaránachta á leagan amach aige, chuir an tUachtarán Macron a chuid smaointe i láthair maidir le hEoraip níos ceannasaí, le samhail Eorpach don fhás agus le hEoraip dhaonnachach.

Cé gur féidir linn féachaint romhainn go dtí tráth nach í an phaindéim is cás linn a thuilleadh, beidh dúshláin mhóra romhainn, ar a shon sin, agus beidh orainn dul i ngleic leo, beag beann ar éabhlóid na paindéime.

Díreofar athuair ar acmhainní cosanta na hEorpa de réir mar a fhágfaidh na teannais atá ag brúchtadh ar fud an domhain, sa bhaile agus i gcéin, gur gá aird a thabhairt ar na saincheisteanna sin.

Beidh an comhar agus an comhoibriú riachtanach, mar a léireofar sa Chomhdháil um na Balcáin Thiar a bheidh ar siúl i mí an Mheithimh.

An mhí seo chugainn, in éineacht leis na hUachtaráin Charles Michel agus Ursula von der Leyen, eagróidh an Fhrainc cruinniú mullaigh a thabharfaidh le chéile ceannairí an Aontais Eorpaigh agus an Aontais Afracaigh. Is éard is cuspóir don chruinniú mullaigh sin margadh nua eacnamaíoch agus airgeadais a athbhunú leis an Afraic. Is mian le hUachtaránacht na Fraince clár oibre a chur ar bun i réimsí an oideachais, na sláinte agus na haeráide, clár a bheidh inchurtha leis na dúshláin atá le sárú ag an Afraic.

Fógraíodh cheana féin gurbh é 2022 Bliain Eorpach na hÓige agus tá léirithe ag an aos óg gur ábhar ceannairí iad a fhad a bhaineann le saincheisteanna aeráide; léirigh siad freisin ar féidir le grúpa gníomhach comhchoiteann den tsochaí a chur i gcrích i gcomhar le chéile. De thoradh a bhfuil déanta ag gluaiseacht na hóige is mó de thosaíocht polaitiúil anois é an clár oibre glas ná riamh. Leagfar amach i raon tograí reachtacha i mbliana an chonair achrannach atá le siúl againn d'fhonn neodracht carbóin a bhaint amach faoi 2050. Tabharfaidh sé ár ndúshlán agus cuirfidh sé cor mór sa saol, ach is í an t-aon rogha í atá romhainn tar éis dúinn blianta a chaitheamh agus gníomhaíocht maidir leis an aeráid agus le hastaíochtaí á cur ar an méar fhada againn. Is gá dúinn cur chun gnímh go práinneach. Ní mór glacadh leis an gcur isteach a leanfaidh agus é a bhainistiú freisin, chun a chinntiú go rachaidh sé i bhfeidhm ar gach cuid den tsochaí go cothrom agus go gcuirfear na tacaíochtaí cearta i bhfeidhm d'fhonn na daoine is leochailí sa tsochaí a chosaint. De dhlúth agus d'inneach na sícé coitinne í an meon sin anois i bhfianaise a bhfuil foghlamtha againn ó bheith ag broic le paindéim dhomhanda ar mó an bhagairt í ar ghrúpaí leochaileacha áirithe ná a chéile.

Ar ndóigh, beidh againn freisin conclúidí na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa. Anseo i gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE), ghabhamar i bpáirt leis an tsochaí, d'eagraíomar imeachtaí agus comhairliúcháin, agus rinneamar ár seacht ndícheall chun a chinntiú go mbímid mar a bheadh cainéal ann trína gcloistear guth na saoránach agus na bpobal ar fud na hEorpa. Is den mhórthábhacht é go n-aimseoidh an tAontas Eorpach a chur chuige féin, rud a ligfidh dó éisteacht a thabhairt do na guthanna sin ar fad. Feicfimid linn an éireoidh leis an gComhdháil ar Thodhchaí na hEorpa bearta a mholadh ina leith sin, ach leanfaidh CESE de bheith ina shnáth ceangail do shaoránaigh, á áirithiú go n-éistfear le gach dearcadh sna díospóireachtaí faoi conas an todhchaí a mhúnlú i gcomhar le chéile.

**Cillian Lohan, Leas-Uachtarán um an gCumarsáid in CESE**

# DIARY DATES

31 Eanáir 2022, an Bhruiséil

**Amhábhair chriticiúla: bunchloch riachtanach do thodhchaí na hEorpa**

4 Feabhra 2022, an Bhruiséil

**Plean gníomhaíochta athnuaite an Aontais in aghaidh smuigleáil imirceach (2021-2025)**

11 Feabhra 2022, an Bhruiséil

**Comhdháil maidir le cearta bunúsacha sa ré dhigiteach**

23-24 Feabhra 2022, an Bhruiséil

**Seisiún iomlánach de chuid CESE**

## CROÍ AN SCÉIL!

**Sa cholún ‘Croí an scéil’, pléimid le comhaltaí CESE tuairimí tábhachtacha an Aontais a mbíonn tionchar acu ar an saol laethúil san Aontas Eorpach.**

An uair seo, tugaimid cead cainte do **Stefan Back,** rapóirtéir na tuairime ar athbhreithniú ar Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (ETS) lena n-áirítear earnáil an mhuiriompair agus Cúlchiste Cobhsaíochta an Mhargaidh.



## STEFAN BACK: DÚSHLÁIN AGUS DEISEANNA A BHAINEANN LEIS AN ATHBHREITHNIÚ AR CHÓRAS TRÁDÁLA ASTAÍOCHTAÍ AN AONTAIS

**Measann CESE go bhfuil an togra maidir leis an gCóras Trádála Astaíochtaí (ETS) ar cheann de phríomhthograí an phacáiste ‘Oiriúnach do 55’ agus é mar aidhm uileghabhálach aige astaíochtaí $CO_2$ a laghdú 55 % faoi 2030. Chun é sin a bhaint amach, tá spriocanna níos uaillmhianaí ag ETS anois agus laghdaíodh líon na lamháltas atá ar fáil. Leagtar béim sa togra maidir le ETS ar an gcaoi ar gá do gach earnáil a cion féin a dhéanamh d’fhonn cuspóirí an phacáiste ‘Oiriúnach do 55’ a bhaint amach. Níor tháinig laghdú ar bith ar astaíochtaí iompair ó bhí 1990 ann agus, dá bhrí sin, is tosaíocht anois iad.**

Leis an togra, leathnaítear ETS d’fhonn iompar muirí a áireamh ann, lena n-áirítear turais chuig an Aontas Eorpach agus uaidh, faoi mar a leathnaíodh é cheana d’fhonn an eitlíocht a chur san áireamh. Is éard atá á

mholadh ann córas comhthreomhar ar leith don iompar de bhóthar agus d’fhoirgnimh i gcás nach oibreoirí iad na trádálaithe ach gnólachtaí a dháileann breoslaí iontaise. I gcás oibreoirí, tugtar isteach leis sin comhartha praghais atá cosúil le cáin bhreosla.

Táthar ag súil leis go laghdófar astaíochtaí $CO_2$ de bharr an athbhreithnithe ar ETS, gur dreasacht a bheidh ann chun réitigh atá neodrach ó thaobh carbóin de a fhorbairt agus go gcuirfear dlús leis an nuálaíocht dá thairbhe.

Mar sin féin, fágfaidh sin costais mhéadaithe freisin ar na hearnálacha sin ar cuid de ETS iad. Beidh tionchar ag an méid sin ar an leibhéal costais ginearálta.

D’fhéadfadh sé sin baint d’iomaíochas thionscal na hEorpa freisin, mura leanann tíortha eile sampla an Aontais Eorpaigh.

Leis an Sásra Coigeartaithe Carbóin ar Theorainneacha (CBAM), féachtar lena áirithiú nach féidir le táirgí saora a tháirgtear faoi dhálaí nach bhfuil chomh dian sin dul san iomaíocht i margadh an Aontais. Mar sin féin, ní chumhdaítear gach earnáil leis, cuir i gcás níl seirbhísí, amhail iompar, san áireamh ná ní chuirtear onnmhairí earraí agus seirbhísí chun cinn dá bharr.

Dá bhrí sin, tá sé thar a bheith tábhachtach go n-éireoidh le taidhleoireacht aeráide an Aontais a áitiú ar thíortha eile sampla an Aontais a leanúint.

Tá baol ann freisin go dtiocfaidh ann don bhochtaineacht fuinnimh agus don bhochtaineacht soghluaisteachta má mhéadaítear costais.

Leis an aistriú i dtreo sochaí atá saor ó charbón, beidh gá leis an lucht saothair a chur in oiriúint do cheanglais nua inniúlachta trí bhíthin uas-sciliú agus athoiliúna.

Is éard is aidhm don phacáiste fadhbanna maidir le haistriú a réiteach trí bhíthin cistí éagsúla, mar atá an Ciste don Nuachóiriú, an Ciste don Nuálaíocht agus an Ciste Sóisialta, a mhaoineofar den chuid is mó le hioncam ó ETS agus ó CBAM. Mar sin féin, má ghlactar na tograí, ní leor na cistí sin le haghaidh na n-infheistíochtaí ollmhóra a theastóidh don aistriú.

Tá iompar de bhóthar agus foirgnimh chomh maith le loingseoireacht intíre AE faoi réir an Rialacháin maidir le Comhroinnt Díchill, rud a chiallaíonn go gcuirfear a laghduithe $CO_2$ siúd faoi chuimsiú ETS san áireamh maidir le cuótaí laghdaithe na mBallstát.

Ach tá an baol ann freisin go gcuirfear srianta breise i bhfeidhm má theastaíonn ó Bhallstát tuilleadh laghduithe ar $CO_2$ a bhaint amach.

Seans go mbuailfí iompar earraí de bhóthar agus iompar muirí go trom faoi chóras ETS ós rud é nach bhfuil aon réitigh charbóin ar phraghas réasúnta ann do na hearnálacha sin.

Mar fhocal scoir, is iad seo a leanas na príomhdhúshláin a sainaithníodh sa tuairim ó CESE:


- Costais níos airde a bheith ann a dhéanfaidh difear d’earnáil tionsclaíochta agus sholáthraithe seirbhíse an Aontais Eorpaigh, agus baol a bheith ann go laghdófar a iomaíche atá siad ar an margadh domhanda.
- Riosca na bochtaineachta fuinnimh agus na bochtaineachta soghluaisteachta
- An gá atá ann don earnáil tionsclaíochta agus do sholáthraithe seirbhíse iad féin a chur in oiriúint
- Athoiliúint agus uas-sciliú a chur ar an lucht saothair
- Na hinfheistíochtaí is gá a mhealladh d’fhonn an t-aistriú a chur i gcrích Is cabhair iad na cistí ón Aontas ach ní leor iad ná baol air
- A chur ina luí ar thíortha eile a leithéid chéanna a dhéanamh, rud is dúshlán mór do lucht taidhleoireachta aeráide an Aontais.

Tacaíonn an tsochaí shibhialta eagraithe go mór le rúin an phacáiste. Chun go mbeidh rath ar an bpacáiste, áfach, is den tábhacht aird a tharraingt roimh ré ar aon fhadhbanna atá ann agus teacht ar réitigh chuí.

Ar ndóigh, is fíor go bhfuil dúshláin nach beag romhainn, ach má éiríonn linn iad a shárú, is mó fós na buntáistí a d’fhéadfadh a bheith ann dúinn ach an tAontas a bheith chun tosaigh ar an gconair i dtreo domhan atá neodrach ó thaobh carbóin de. Má ritheann linn déileáil leis na saincheisteanna sóisialta agus na hinfheistíochtaí is gá a chruthú, is féidir linn a bheith ar thús cadhnaíochta sna hiarrachtaí atá ar siúl chun domhan atá neodrach ó thaobh carbóin de a bhaint amach.

***Stefan Back, Comhalta de CESE***

---




## LUCA JAHIER: IN ÓMÓS DO DAVID SASSOLI, UACHTARÁN PHARLAIMINT NA HEORPA, A D’ÉAG AN 11 EANÁIR 2022

**Inniu táimid faoi scamall bróin ag an bhfolús mór atá fágtha ag bás ár gcara, iriseoir a d’fhág a lorg orainn, polaiteoir dea-mhúinte, rud nach bhfeictear go minic, agus duine a bhí go mór ar son na hEorpa. Rud is féidir a rá faoi go cinnte ná gur athraigh sé treo an Aontais Eorpaigh le linn na paindéime nuair a choinnigh sé an Pharlaimint ar oscailt agus nuair a sheas sé leis an té is laige. Chuir sé chun cinn tionscnaimh a bhí neamhghnách, mar shampla nuair a rinne sé, sa chéad ráig den phaindéim, ceann d’fhoirgnimh na Parlaiminte a fholmhú, á chur ar fáil mar spás téarnaimh agus dídine do mhná agus do mháithreacha aonair a raibh COVID-19 orthu.**

Tá neart le rá ag an Eoraip fós ach sinne, sibhse, a bheith in ann labhairt d’aon ghuth. A bheith in ann an díospóireacht pholaitiúil a chur chun leasa mhuintir na hEorpa agus an Pharlaimint a bheith in ann an méid a theastaíonn ó na saoránaigh, na hábhair imní atá acu agus na riachtanais atá acu a thuiscint. B’in an ghné ba shuaithinsí a bhain leis an obair a rinne sé mar pholaiteoir agus a bhí le sonrú ar a thréimhse mar Uachtarán ar Pharlaimint na hEorpa, nuair a toghadh é gan choinne i ndiaidh thoghcháin na hEorpa in 2019.

An cumas a bhí ann comhaontú a fhí i bParlaimint a bhí i bhfad níos deighilte ná parlaimintí eile roimhe sin, rud a d’fhág go bhfuair an tUachtarán ainmnithe, Ursula von der Leyen, tromlach níos mó ná mar a fuair a

comhghleacaithe a tháinig roimpi do chlár polaitiúil bunathraitheach a bhí dírithe go hiomlán ar na hathruithe riachtanacha a theastaíonn ionsar Eoraip inbhuanaithe, nuálach, shóisialta, atá fothaithe ar luachanna agus cearta, agus atá neamhspleách ó thaobh straitéise de. An cumas a bhí ann seasamh go daingean leis na bearta go léir ba ghá a dhéanamh chun déileáil le ráig na paindéime, rud a chinntigh an rannpháirtíocht dhaonlathach ba leithne chun teacht ar an iliomad cinntí práinneacha a d’athraigh an treo ina raibh an Eoraip ag dul. Ba é a thug an spreagadh cinniúnach a d’fhág gurbh fhéidir na tograí ó Uachtarán Macron, Seansailéir Merkel agus an Coimisiún Eorpach a chlaochlú, i dtréimhse cúpla mí, go plean téarnaimh agus athléimneachta a bhí ar an bplean is mó dá leithéid i stair na hEorpa. D’éirigh leis Parlaimint na hEorpa a aontú, rud nár tharla go minic cheana.

Fear, iriseoir agus polaiteoir measúil lách a bhí ann. Bhí an-tuiscint aige ar rudaí agus air féin, fiú. Bhí sé ar dhuine den bheagán daoine sin nár fhág a cháil ná na cúraimí tábhachtacha a bhí air gur bhraith sé nach raibh teorainn leis an gcumhacht a bhí aige. Trí cinn de na dea-thréithe a bhí go smior i David Sassoli – an stuamacht, an dílseacht agus an ghnaíúlacht – ba iad sin an t-arm ba chumhachtaí a bhí aige ina shaol pearsanta agus ina shaol polaitiúil. Is minic a bhíodh teagmháil dhíreach agam leis agus is cuimhin liom go maith a mhiongháire nó mar a leagadh sé a shúil ort, ag iarraidh i gcónaí caidreamh pearsanta a bheith aige leat, agus ba é sin an chaoi ar iompar sé é féin agus a chinntigh gur rith an saol leis.

Ba shampla dúinn go léir é, duine a bhí in ann réiteach go maith le gach duine agus leas a bhaint as an umhlaíocht chliste sin chun gníomh coiteann a spreagadh ar mhaithe leis an bpobal. Ba dhaonlathach Caitliceach go smior a bhí ann, duine an-spioradálta, agus bhí ardmheas aige ar na pearsana David Maria Turoldo, as a bhfuair sé a ainm, Giuseppe Dossetti agus Giorgio La Pira ar tharraing sé aird ar a oidhreacht, agus é ina iriseoir.

As an teachtaireacht dheireanach uaidh inar ghuigh sé beannachtaí na Nollag, agus a taifeadadh roinnt laethanta sular tógadh isteach arís san ospidéal é, luaim na focail seo a leanas: ‘Sinne an dóchas, nuair nach dtugaimid cúl leis an té atá thíos, nuair nach n-ardaímid ballaí ar ár dteorainneacha, nuair a throidimid i gcoinne gach éagóra. Beannachtaí orainn uile agus ar ár ndóchas.’

Go raibh maith agat, a David. Smaoinímid go speisialta ar Sandra agus ar na páistí a raibh an oiread sin ceana agat orthu.

Luca Jahier

*lang="IT" style="color:black">Foilsíodh an t-alt seo ar shuíomh gréasáin VITA san Iodáil an 11.1.2022*

***Luca Jahier**, iriseoir Iodálach atá ina chomhalta de CESE ó 2002 agus a bhí ina Uachtarán ar CESE idir 2018 agus 2020.*

# “CEIST AMHÁIN DO...”




## Ceist amháin ar...

**Inár roinn ‘Ceist amháin ar...’, d’iarramar ar Thierry Libaert, comhalta de CESE, freagra a thabhairt ar cheist a bhíonn go mion agus minic i mbéal an phobail, mar atá an comhrac i gcoinne na bréagaisnéise.**

Is comhalta de CESE é **Thierry Libaert** ó bhí 2010 ann. Tá sé ina chomhalta den Ghrúpa ‘Éagsúlacht Eoraip’. Is iomaí leabhar agus alt atá scríofa aige faoin Eoraip, faoi chúrsaí cumarsáide, faoin gcomhshaol agus faoi ghéarchéimeanna. Is é an pointe teagmhála do thoscaireacht na Fraince é. Tá Thierry Libaert ina chomhchathaoirleach ar an gCatagóir ‘Tomhaltóirí agus Comhshaol’. (ehp)



## Ní mór comhrac a chur ar an mbréagaisnéis ar bhonn práinne

**CESEinfo: Is rapóirtéir thú don tuairim a ghlac CESE le linn sheisiún iomlánach mhí na Nollag 2021, tuairim a bhaineann leis an Treoir ón gCoimisiún Eorpach maidir leis an gCód Cleachtais maidir le Bréagaisnéis a Neartú. Cé chomh mór atá an bhréagaisnéis ina bagairt don daonlathas, agus cad ba cheart don tsochaí shibhialta a dhéanamh chun cosc a chur ar scaipeadh na bréagnuachta agus cé na huirlisí atá ag teastáil chuige sin?**

**Thierry Libaert**: Is bagairt í an bhréagaisnéis do chórais daonlathais toisc go n-ídíonn sí an mhuinín atá againn as institiúidí poiblí nó as an eolaíocht. Is minic gur fearr linn faisnéis bhréagach is féidir a thuiscint gan stró a chreidiúint nuair is doiligh an fhírinne a thuiscint. Tá níos mó i gceist leis an mbréagaisnéis ná saontacht, baintear leas aisti in amanna chun críoch geopholaitiúil agus chun críoch díchobhsaíochta, go háirithe i dtoghcháin.

Is é is príomhaidhm don tuairim a glacadh an 9 Nollaig 2021 iarraidh ar an gCoimisiún Eorpach bearta níos láidre a dhéanamh chun cosc a chur ar theacht chun cinn na bréagaisnéise, agus ní hamháin iarmhairtí na bréagaisnéise a mhaolú. Bíodh is gur féidir i gcónaí éifeachtaí tine a theorannú, is fearr go mór lasracha na tine a chosc ar an gcéad dul síos.

Is iomaí bealach atá ann chun comhrac a chur ar an mbréagaisnéis. Mar shampla, d’fhéadfaí cur i gcoinne luach airgid a bheith á chur ar an mbréagaisnéis. Tuigeann ár meitheal go rímhaith gur gnó dáiríre atá sa bhréagaisnéis. Ó tharla go scaipeann faisnéis bhréagach sé huaire níos tapa ná faisnéis atá fíor, ar an meán, agus go roinntear í níos mó agus go mbíonn tuilleadh á rá ina taobh, cruthaíonn sí gníomhaíocht bhreise ar ardáin idirlín. Dá droim sin, is mó seans go nginfidh sí ioncam fógraíochta. Meastar go gcuirtear níos mó ná EUR 400 milliún amú gach bliain ar an gcaoi sin.

Níor cheart glacadh leis go mbaineann an bhréagaisnéis le gréasáin shóisialta agus le hardáin mhóra dhigiteacha amháin. Tá freagracht ar na meáin thraidisiúnta chomh maith, go háirithe cainéil nuachta 24 uair an chloig ar a bhfeictear bréagshaineolaithe éagsúla. Ba cheart do na meáin a bheith níos fairí faoi fhíorcháilíocht a gcuid aíonna agus tá litearthacht níos fearr sna meáin de dhíth le gur féidir leis an bpobal faisnéis a mheas ar dhóigh níos fearr.

Ní féidir leis an gcomhrac i gcoinne na bréagaisnéise a úsáid mar leithscéal in aon tslí chun an bonn a bhaint den tsaoirse chun tuairimí a nochtadh. Molaimid gur cheart é a bheith mar phríomhchuspóir ag an litearthacht sna meáin go gcuirfí ar chumas gach duine fíor-dhealú a dhéanamh idir fíricí eolaíocha agus creidimh nó barúlacha. Lucht leanúna Donald Trump sna Stáit Aontaithe, mar aon leis na pobalóirí san Eoraip, go háirithe iad siúd sa Ríocht Aontaithe a chuir tús le Brexit, léirigh siad go soiléir a chontúirtí atá scaipeadh na bréagaisnéise dár ndaonlathais.

Is éard is mian leis an gCoiste a chur in iúl nach mór comhrac a chur ar an mbréagaisnéis ar bhonn práinne.

# TUGAIGÍ BUILLE FAOI THUAIRIM CÉN T-AOI ATÁ AGAINN...




# An t-aoi gan choinne

**Uair sa mhí sa cholún 'An t-aoi gan choinne', bíonn pearsa phoiblí faoi leith á cur i láthair againn, ar foinse inspioráide í a cuid oibre agus an tiomantas atá léirithe aici, dar le mórán.**

**Is iad na haíonna gan choinne atá á gcur i láthair againn i mí Eanáir Maria Demertzis, Leas-Stiúrthóir ar an meitheal mhachnaimh Eorpach Bruegel a dhéanann sainchúram de chúrsaí geilleagair agus a bunaíodh sa Bhruiséil in 2005, agus Jean-Dominique Giuliani, Uachtarán ar Fhondúireacht Robert Schuman i bPáras. Bunaíodh an fhondúireacht in 1991 tar éis thitim Bhalla Bheirlín agus oibríonn sí ar son lánpháirtiú na hEorpa. Rinne siad cur síos ar na saincheisteanna agus na dúshláin atá roimh Uachtaránacht na Fraince ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh ag an tráth cinniúnach seo i bhforbairt na hEorpa.**

Tá **Maria Demertzis** ina Leas-Stiúrthóir ar Bruegel. D'oibrigh sí roimhe seo sa Choimisiún Eorpach agus i roinn taighde Bhanc Ceannais na hÍsiltíre. Bhí poist éagsúla aici freisin in *Kennedy School of Government* in Ollscoil Harvard sna Stáit Aontaithe agus in Ollscoil Strathclyde sa Ríocht Aontaithe, áit a bhfuair sí dochtúireacht san eacnamaíocht. Tá lear mór alt foilsithe aici in irisí acadúla idirnáisiúnta agus rannchuidigh sí go rialta le beartais ón gCoimisiún Eorpach agus ó Bhanc Ceannais na hÍsiltíre a cheapadh.

Tá **Jean-Dominique Giuliani** ina Uachtarán ar Fhondúireacht Robert Schuman i bPáras ó 2000 i leith. Is iad seo a leanas na poist éagsúla a bhí aige roimhe seo: iar-chomhairleoir speisialta don Choimisiún Eorpach, comhairleoir dlí sa Chomhairle Stáit, stiúrthóir oifig phríobháideach Uachtarán an tSeanaid, René Monory (1992-1998), Ard-Stiúrthóir ar Ghrúpa Taylor Nelson Sofres (1998-2001) agus Uachtarán ar Institut libre d'étude des relations internationales (ILERI) (2019-2021). Is é bunaitheoir J-DG.com – International Consultants é agus is comhalta é freisin de bhord maoirseachta ARTE France. Tá líon mór saothar foilsithe aige faoin Aontas Eorpach, ina measc 'La grande bascule – Le XXIe siècle européen' (2019), agus chomhscríobh sé 'Atlas permanent de l'Union européenne' (2021). Is scríbhneoir eagarfhocal é freisin agus scríobhann sé go rialta do mheáin éagsúla. Is minic a labhraíonn sé sa Fhrainc agus níos faide i gcéin faoi shaincheisteanna Eorpacha, agus áirítear é ar dhuine de na saineolaithe is fearr sa réimse sin. (ehp)



# Maria Demertzis: Múnla Nua Fáis don Eoraip

**Ghlac an Fhrainc le hUachtaránacht Chomhairle an Aontais Eorpaigh ag tús na bliana úire. Uachtaránacht lán uaillmhéine a bhí ann ón gcéad lá riamh agus é ina bhunaidhm léi múnla nua fáis don Aontas a chíoradh. Tá géarrghá lena leithéid a dhéanamh i ré seo an athraithe ó bhonn.**

**Beidh gá i gcónaí le gnáthbhunchlocha an fháis, mar atá oideachas agus scileanna, fiontraíocht agus airgead, agus stát dea-fheidhmiúil a bhfuil institiúidí láidre aige. Má tá fás fiúntach marthanach le baint amach, áfach, beidh athrú faoi thrí ag teastáil.**

**Ó thaobh beartais de, is fearr an comhar ná an iomaíocht má táthar le dea-thorthaí a bhaint amach.** Is iad coincheapa na hiomaíochta agus chothrom na Féinne is bunús leis an gcuid is mó de na rialacháin náisiúnta agus idirnáisiúnta atá i bhfeidhm. Tá sé rídheacair, áfach, na cúinsí lenar féidir an iomaíocht chóir a áirithiú do chách a choinneáil ar bun ó tháinig na n-ollchuideachtaí domhanda teicneolaíochta ar an bhfód agus ó tháinig an tSín isteach sna margaí domhanda. Oibríonn coincheap na cothroime Féinne ar an mbunús gur mar a chéile a chaitear le cách. Cé gur bocht an scéal é, is é lomchlár na fírinne nach amhlaidh atá. Agus an chothroime iomaíochta ina sprioc ag an Aontas, níl á dhéanamh aige ach an fhírinne a shéanadh. Os a choinne sin, is féidir torthaí a bheadh sásúil do chách a bhaint amach leis an gcomhar agus an comhordú. Ní mór béim a leagan anois ar an gcur chun cinn, mar chuid den phróiseas cinnteoireachta.

Cuir i gcás, is mó dul chun cinn a dhéanfaidh an tAontas más féidir leis a chuid gníomhaíochtaí a chomhordú go hinmheánach agus labhairt d'aon ghuth go seachtrach. Is léir ó na bearta géarchúiseacha gasta a rinne an tAontas le dul i ngleic leis an bpaindéim, go háirithe i gcomparáid lena ndearna sé aimsir na géarchéime airgeadais, a éifeachtaí atá an comhar ó thaobh dea-thorthaí a bhaint amach.

**An glasú in áit an tsnasa ghlais** Leag an tAontas spriocanna fíor-uaillmhianacha síos, agus údar maith leis sin, maidir lena bheartas aeráide. Ní mór dó aghaidh a thabhairt ar roinnt dúshláin mhóra, áfach. Ina measc sin, tá a thiomantas féin maidir le beart a dhéanamh de réir a bhriathair. Uirlis an-tábhachtach is ea an tacsanomaíocht a roinneadh le déanaí maidir le céard is infheistíocht ghlas ann, ach is uirlis í ar féidir amhras a chaitheamh uirthi sa chomhthéacs sin. Ar an gcaoi chéanna, chuir an Banc Ceannais Eorpach, ar gníomhaí tábhachtach é, glasú na mbeartas airgeadaíochta i measc na bpríomhchuspóirí atá aige. Níl na huirlisí a theastaíonn chun na críche sin ag an mBanc, áfach. De bhreis air sin, dá dteipfeadh air a chuid cuspóirí aeráide a bhaint amach, ní bheadh sé in acmhainn costas na teipe sin a láimhseáil gan dochar a dhéanamh dá gcuspóirí eile airgeadais. Ar an mbealach céanna, cé go bhfuil ag éirí go maith leis an Aontas ó thaobh an tairgeadh a ghlasú, níl ag éirí leis déanamh amhlaidh i gcás an tomhaltais. Iarracht mhaith sa treo sin is ea an iarracht atá ar na bacáin cáin a ghearradh ar allmhairí truaillitheacha. Ní mór a chinntiú,

mar sin féin, nach gcuirfidh sé sin isteach ar roctain na dtíortha bochta ar mhargadh an Aontais. Is fíordheacair an dúshlán a bhfuil ar an Aontas dul i ngleic leis ós rud é gur tarraingteach i gcónaí rogha éasca an snasa ghlais.

**Teacht le chéile gan a bheith ag teacht le chéile** Is rómhinic a chloistear gurb é a theastaíonn chun aghaidh a thabhairt ar mhórfhadhbanna an domhain ná comhaontuithe straitéiseacha díobh siúd a bhíonn den tuairim chéanna go minic. Is é an rud a chreidtear, ní nach ionadh, gur gá don Eoraip dul i gcomhar leo siúd a bhfuil ar aon fhocal agus intinn leo, má tá dul chun cinn le déanamh. Creidtear go gcuirfeadh sé sin le tionchar an Aontais agus, dá réir sin, lena chumas margadh níos fearr a dhéanamh leo siúd nach mbíonn an dearcadh céanna acu ar chúrsaí. Chomh fada agus a bhaineann sé le fadhbanna domhanda a réiteach, ní mór do na comhghuaillíochtaí straitéiseacha sin a n-éiríonn leo comhaontuithe a bhaint amach na comhaontuithe sin a chur in iúl don ‘taobh eile’. Is beag a thaitníonn sé leis an taobh eile sin nuair a chuirtear margadh aon rogha amháin faoina bhráid. Maidir le hearraí poiblí domhanda, amhail an aeráid féin, tá gach aon duine ina dtairbhí agus ní mór do chách íobairt a dhéanamh de réir a acmhainne féin. Tá sé fíorthábhachtach go rachaidh pairtithe nach bhfuil an dearcadh céanna acu ar chúrsaí i gcomhar le chéile, má tá dul chun cinn inmharthana le déanamh.

Is gá athrú poirt a dhéanamh rud beag ó thaobh fadhbanna domhanda agus fadhbanna náisiúnta a réiteach. Ní fhéadtar glacadh a thuilleadh leis an ‘iomaíocht fhoirfe’ ná an dea-rún. Níl sé maith go leor gan comhar a dhéanamh ach amháin leo siúd atá den tuairim chéanna leis an Aontas. Is sa bhliain 2022, le cúnamh Dé, a dhéanfar iarracht thar na bearta agus an beart is gá.

*Maria Demertzis, Leas-Stiúrthóir Bruegel*




# Jean-Dominique Giuliani: is caoithiúil an t-am é 2022 le haghaidh téarnamh gníomhach

**Le gach géarchéim dá dtagann, éiríonn leis an Aontas Eorpach tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh. Ina fheachtas in éadan an víris, bhí sé in ann gníomhú i réimse na sláinte agus ar an leibhéal eacnamaíoch araon. Is fada an lá ó baineadh amach torthaí chomh nithiúil sin agus na Ballstáit ag gníomhú i gcomhar le chéile. Tá vacsaíní ann anois agus bíonn siad á n-onnmhairiú chuig tíortha nach Ballstáit AE iad a bhfuil gá acu leo freisin. An tacaíocht ollmhór a tugadh don gheilleagar, tá a thoradh sin le sonrú anois agus tá athmhachnamh á dhéanamh ar rialachas eacnamaíoch an Aontais dá bharr. Tá sé léirithe arís eile ag an mBanc Ceannais Eorpach an chaoi arb é sciath chosanta na nEorpach é agus scagchuarda airgeadais atá faoi bhrú á n-athshlánú aige.**

Ní mór don Aontas cur leis an bhfreagrúlacht sin i dtreo is go leanfaidh sé de bheith ag athrú ó bhonn.

Tá dhá mhórdhúshlán le sárú aige, ar dúshláin bhunriachtanacha iad fiú amháin: rathúnas agus slándáil an Aontais. Ní mór dó rialacha a ghlacadh maidir le feidhmiú a gheilleagair, a chuirfidh ar a chumas dul i ngleic leis na dúshláin a bhaineann le claochlú digiteach agus comhshaoil. Is féidir leis leas a bhaint as acmhainní suntasacha trí úsáid na margaí a chomhthiomsú chun infheistíocht a dhéanamh sa todhchaí. Níor cheart eagla a bheith air go mbeadh fiachas coiteann ann más de thoradh infheistíochta é, ós slí é sin chun bogadh i dtreo geilleagar nua. Níor mhoill air a chuid riachtanas a shainaithint; ní foláir dó toiliú anois le hathbhreithniú a dhéanamh ar a phrionsabail maidir le rialachas eacnamaíoch.

Tá slándáil an Aontais i mbaol de dheasca bagairtí ó chumhachtaí athbhreithnitheacha ag a theorainneacha, cumhachtaí nach bhfuil in ann dul in iomaíocht lena rath eacnamaíoch agus nach bhfuil uathu, dá bhrí sin, ach 'iarraim cúis' chun cur isteach air agus chun é a chur trí chéile agus a chomhrac ar an gcaoi sin. Le teann a bprionsabal síochánaíoch, ní mór do mhuintir na hEorpa foghlaim conas fáil faoi réir an chomhraic seo ionas gur féidir leo é a sheachaint. Chun gur féidir an cogadh a bhuachan sula gcuirfear tús leis, is gá tiomantas nach beag a léiriú chun fíor-neamhspleáchas smaoinimh agus gníomhaíochta a chothú.

Má fhreastalaíonn muintir na hEorpa ar an dá riachtanas sin i gcomhar le chéile, tús ré nua do lánpháirtiú na hEorpa a bheidh ann.

Ní fearr slí atá ag an Aontas Eorpach chun a shamhail féin den tsaoirse agus den dlúthpháirtíocht a chur chun cinn ná de bharr na cumhachta caolchúisí atá aige, ach é a bheith aontaithe le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá os a chomhair. Is é an tAontas, ag feidhmiú dó i ndlúthpháirtíocht le gach saoránach dá chuid agus trí dhlúthpháirtíocht a chothú idir na catagóirí d'Eorpaigh éagsúla atá ann, a léiríonn gur sárshampla é den rud is sochaí eiseamláireach ann, a chuireann daoine i gcroílár na heagraíochta sóisialta ar fad. Ní foláir dó a bheith mórálach as sin, agus an ról seo a ghlacadh chuige féin tráth atá céilí comhraic

uathlathacha nua ann agus iad ag iarraidh é a chur dá bhoinn.
Chuige sin, níor cheart eagla a bheith air a chuid cumhachta a léiriú ná leisce a bheith air a bheith cruthaitheach i gcúrsaí eacnamaíocha. Ní foláir dó feidhmiú gan náire, gan scáth. Ar an gcuma sin, rithfidh an t-ádh leis.

*Jean-Dominique Giuliani:  Uachtarán Fhondúireacht Robert Schuman*

# EESC NEWS




## Rath á bhaint as an téarnamh: tá béim leagtha ag CESE ar ról lárnach na sochaí sibhialta eagraithe

**Ní mór do CESE agus don Choimisiún Eorpach oibriú le chéile ar mhaithe le hEoraip a sháróidh an phaindéim agus a dhaingneoidh an téarnamh – Eoraip a bheidh rathúil, cuimsitheach ó thaobh na sochaí de agus inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de. Ba é sin an phríomhtheachtaireacht a thug Uachtarán CESE, Christa Schweng, chuig Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh, Ursula von der Leyen agus chuig Leas-Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh um Chaidreamh Idirinstitiúideach agus um Fhadbhreathnaitheacht, Maroš Šefčovič ag an seisiún iomlánach a bhí ag CESE i mí na Nollag.**

Agus é á chur in iúl gur díol sásaimh di gur léiríodh neart tograí agus moltaí ó CESE a luadh sa Rún uaidh i mí an Mheithimh 2021, i gClár Oibre an Choimisiúin Eorpaigh do 2022, dúirt Christa Schweng go bhfuil “dlúthbhaint ag na tosaíochtaí atá againne le tosaíochtaí an Choimisiúin Eorpaigh, agus leanfaimid de bheith ag tacú leis an gCoimisiún agus a chuid spriocanna uaillmhianacha á gcur chun feidhme aige. Ní mór dúinn a chinntiú freisin go mbeidh rath ar an tsochaí shibhialta eagraithe agus go dtarlóidh sin i sochaí oscailte atá bunaithe ar luachanna. Cuirimis le chéile chun gurb iontach an áit a bheidh san Eoraip le cónaí inti agus le dul chun cinn sa saol!”

Ó thaobh Ursula von der Leyen de, agus aitheantas á tabhairt aici don obair atá déanta ag CESE, dúirt sí go raibh “Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an-tacúil agus an-docht i gcónaí sa mhisean atá aige: is é sin go gcloisfear guthanna na ndaoine - guth na ngnólachtaí, na n-oibrithe agus na n-eagraíochtaí eile de chuid na sochaí sibhialta. Is dlúthpháirtithe sinn agus is amhlaidh a bheidh amach anseo, agus sinn ag tabhairt faoi phleanáil beartais bhliantúil agus faoi fhorbairt a dhéanamh ar ár bhfís fhadtéarmach.”

Ag tacú lena raibh ráite aici, ghabh an tUasal Šefčovič buíochas le CESE as an dlúthchomhar leis an gCoimisiún Eorpach, agus dúirt sé gurbh é an dlúthchomhar sin a choinnigh “na naisc idir an dá institiúid

beo beathach" agus thug sé le fios "gurb iad comhaltaí CESE na hambasadóirí is fearr don Aontas Eorpach". (mp)

---



## Bliain Eorpach na hÓige 2022: Dírímis ar na torthaí seachas ar an bpoiblíocht

**D'fháiltigh Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE) roimh an dearbhú gur Bliain Eorpach na hÓige a bheidh ann in 2022 ach tá rabhadh tugtha aige gur cheart níos mó a bheith i gceist leis seachas gníomhaíochtaí poiblíochta amháin agus gur cheart dó cur le Straitéis Óige an Aontais Eorpaigh le pleananna agus rannpháirtíocht shoiléir. Ní mór don tionscnamh dul i bhfeidhm ar na daoine óga is leochailí agus ar na daoine óga sin i gceantair atá faoi mhíbhuntáiste.**

Chun an méid sin a bhaint amach, léirigh CESE i dtuairim dá chuid *Bliain Eorpach na hÓige 2022* gur cheart don Aontas táscairí agus spriocanna soiléire a fhorbairt lena ndíreofar ar bheartais do dhaoine óga agus ar obair ar fud earnálacha éagsúla chun nach deireadh iontu féin a bheidh sna gníomhaíochtaí a eagrófar.

"Tá CESE ag tnúth le bheith rannpháirteach ar bhealach dearfach i mBliain Eorpach na hÓige 2022. Is mian linn go mbeidh torthaí nithiúla do dhaoine óga na hEorpa i réimsí beartais a mbíonn tionchar acu ar a saol," arsa an rapóirtéir don tuairim, **Michael McLoughlin**.

Chuir CESE in iúl, áfach, gur ábhar imní dó gur cosúil go raibh an iomarca i gceist le clár oibre agus tosaíochtaí na bliana, ó tharla líon mór gealltanas a bheith ann mar aon le tagairtí do thionscnaimh, do bhuiséid agus do réimsí beartais eile.

"Tá sé tábhachtach go mbeidh an togra soiléir agus beacht. Is minic a bhíonn blas ar an mbeagán. D'fhéadfadh sé go mbeadh imní ann go gcuirfeadh liosta fada de réimsí beartais agus freagrachtaí comhroinnte isteach ar an mbéim shoiléir a leagtar ar thorthaí agus ar fhreagrachtaí," a d'áitigh Michael McLoughlin.

Tá CESE ar aon intinn gur maith an smaoineamh 2022 a ainmniú mar Bhliain Eorpach na hÓige ó thaobh tráthúlachta agus comhthéacs de. Bhí géarchéim COVID-19 an-dian ar dhaoine óga go háirithe agus beidh iarmhairtí aici ar a n-oideachas agus ar a ndea-bhail shóisialta, airgeadais agus mheabhrach go ceann i bhfad. Is díol imní do CESE freisin, áfach, go ndearnadh an togra a fhorbairt go róthapa.

Tá baol ann go mbeidh baint níos mó ag tionscnaimh thábhachtacha a bhaineann leis an óige le fógraí polaitiúla ardphróifíle seachas le forbairt chórasach fhadtéarmach.

Dá dheasca sin freisin, tá cur chun feidhme Bhliain Eorpach na hÓige ar an leibhéal náisiúnta ina dhúshlán toisc gan mórán ama a bheith ag na húdaráis náisiúnta chun gníomhaíochtaí a tharraingt suas sna Ballstáit éagsúla. Chomh maith leis sin, d'fhéadfadh sé go mbeadh deacrachtaí acu maoiniú a dhéanamh ar chostais

na ngníomhaíochtaí atá beartaithe don Bhliain.

Dá bhrí sin, molann CESE buiséad EUR 10 milliún ina iomláine, in ionad an EUR 8 milliún atá beartaithe, a chur ar fáil a mbeadh dhá mhilliún de curtha i leataobh le haghaidh comhordú ar an leibhéal náisiúnta. Tá an méid sin riachtanach chun tionchar leordhóthanach a áirithiú agus chun rannpháirtíocht a spreagadh. (II)

---




## I gcomhrac an Aontais Eorpaigh i gcoinne na bréagaisnéise ní mór díriú ar lucht a scaipthe chomh maith leis na cearta bunúsacha a chosaint

**I dtuairim a d’eisigh sé le déanaí, tá CESE ag iarraidh go ndéanfaí níos mó chun dul i ngleic leis na daoine agus leis na heagraíochtaí atá ag scaipeadh bréagaisnéise, agus tús áite a thabhairt do chosc seachas leigheas.**

De thoradh phaindéim COVID-19 tá aird nach beag tarraingthe ar an mbagairt ón mbréagaisnéis. Ina fhianaise sin, agus ar bhonn measúnú criticiúil, d’fhoilsigh an Coimisiún Eorpach treoir i mí na Bealtaine 2021, atá dírithe ar Chód Cleachtais an Aontais Eorpaigh maidir le bréagaisnéis a neartú chun spás níos sábháilte agus níos iontaofa ar líne a chruthú.

I dtuairim a eisíodh mar fhreagra air sin, áitíonn CESE go ndíríonn an Coimisiún an iomarca ar ábhar na bréagaisnéise agus ar mhaolú an ábhair sin agus nach ndíríonn sé an oiread céanna ar na daoine a bhfuil baint acu le scaipeadh na bréagaisnéise.

*Bíonn an t-ábhar ag athrú de shíor, tagann athrú ar na hardáin a úsáidtear, ach, ar a shon sin, is iad na príomhghníomhaithe céanna, a bheag nó a mhór, a bhíonn i dtreis agus ní thagann aon athrú ar na nithe a spreagann iad chun gnímh’* a dúirt **Thierry Libaert**, rapóirtéir na tuairime.

Tugann CESE dá aire go bhfuil borradh mór faoin mbréagaisnéis agus is díol sásaimh dó go bhfuil béim á leagan ag an gCoimisiún Eorpach ar an ngá atá ann cur in éadan luach airgid a bheith á chur ar an mbréagaisnéis. Scaipeann faisnéis atá breagach sé huaire níos tapúla ná faisnéis atá fíor, is minice a chuirtear ‘is maith liom’ léi agus a roinntear í, cruthaíonn sí mó gníomhaíochta, meallann sí níos mó airde, tarraingíonn sí níos mó cuairteoirí chuici, agus, dá bhrí sin, gineann sí tuilleadh ioncaim ón bhfógraíocht.

Mar a léirigh Frances Haugen, sceithire a bhí ag obair do Facebook, le déanaí, in ionad a bheith ag dul i ngleic leis an bhfeiniméan, ba dhlúthchuid de shamhail ghnó a fostóra Facebook é.

Mar sin féin, d’fhonn an bhréagaisnéis a chomhrac san áit ina bhfuil a fréamhacha le fáil, ba cheart don Choimisiún smaoineamh ar raon d’ionstraimí eacnamaíocha, dlíthiúla nó airgeadais a bheadh ní ba cheangailtí ná gealltanais dheonacha ó fhógróirí ar líne.

‘*Tá tuilleadh acmhainní de dhíth ar an Aontas Eorpach chun gur féidir leis cur go héifeachtach i gcoinne na bréagaisnéise, óir is cumhachtaí naimhdeacha a bhíonn ag scaipeadh na bréagaisnéise sin ar bhonn córasach, ar minic rialtais tríú tíortha áirithe iad, go háirithe an Rúis, gan dearmad a dhéanamh ach oiread ar an tSín*’, a dúirt an rapóirtéir.

Dar le CESE, tá tuilleadh tacaíochta ó sheirbhísí faisnéise de dhíth ar na húdaráis náisiúnta, agus molann sé go mór go mbeadh comhar ar fud an Aontais ann maille le comhroinnt eolais. Mar sin féin, tá saoirse na meán agus córais dlí i mbaol faoi láthair i roinnt Ballstát, ní mór don Choimisiún a áirithiú nach féidir an comhrac i gcoinne na bréagaisnéise a úsáid mar leithscéal chun srian a chur le saoirsí poiblí, go háirithe an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh.

Go háirithe i gcás na dtíortha sin a bhfuil teorainn acu leis an Rúis, ba cheart don Choimisiún tuilleadh gníomhaíochta maidir le hábhar i dteangacha eile seachas i mBéarla a chur chun cinn, agus ba cheart dó díriú níos mó ar ardáin ar lú an aithne atá orthu, amhail VKontakte, Rumble, Odysee, Gab agus Parler, anuas ar na hardáin mór-le-rá. Cé gur lú lucht a n-úsáide, is fusa do na hardáin bheaga sin a bheith níos neamhthrédhearcaí agus díriú ar ghrúpaí ar leith.

Toisc go mbíonn líonraí nua ag teacht chun cinn de shíor, úsáideann lucht na bréagaisnéise modhanna atá ag éirí níos sofaisticiúla (mar shampla ‘domhainbhrionnuithe’), agus toisc feidhmchláir áirithe a bheith ar scaradh gabhail idir bheith ina n-ardán agus ina seirbhís teachtaireachtaí príobháideacha (amhail Telegram), ní mór dul i mbun gnímh chomh luath agus a thugtar cineál nua riosca faoi deara. (dm)

---




## Iarrtha ag CESE go mbeadh an Coimisiún Eorpach níos uaillmhianaí sna hiarrachtaí chun geilleagar agus airgeadas an Aontais a stiúradh i dtreo na hinbhuanaitheachta

**Ag an seisiún iomlánach deireanach a bhí aige, bhí díospóireacht ag Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa leis an gCoimisinéir Eorpach McGuinness faoi conas córas eacnamaíoch agus airgeadais níos glaise, níos inbhuanaithe agus níos digitithe a bhaint amach.**

Le linn an tseisiúin iomlánaigh, glacadh roinnt tuairimí mar iarracht chun bealach i bhfad níos inbhuanaithe a réiteach san Aontas Eorpach. I dtuairim féintionscnaimh amháin, molann CESE go bhforbrófaí sraith táscairí nua chun OTI a chomhlánú agus chun cuidiú leis an aistriú sin. I dtuairim eile, cuireann CESE in iúl go dtacaíonn sé leis an sprioc maidir le hinfheistíochtaí a atreorú, ach go measann sé go bhfuil cuma ró-éiginnte ar chuid mhaith de na bearta atá molta ag an gCoimisiún ina straitéis airgeadais inbhuanaithe athnuaite agus go ndéantar neamhshuim de choincheap criticiúil na hinbhuanaitheachta sóisialta. Ina theannta sin, ní chuimsítear le tacsanomaíocht AE

spriocanna comhshaoil agus sóisialta ar bhealach comhionann agus ardaítear ceisteanna léi faoi ghníomhaíochtaí eacnamaíocha conspóideacha. Ar deireadh, cuireann CESE in iúl sa tríú tuairim, gur díol sásaimh dó an smaoineamh maidir le Caighdeán nua deonach um Bannaí Glasa Eorpacha agus déanann sé moltaí criticiúla maidir le conas an caighdeán sin a iompú ina ionstraim fhíorchumhachtach chun cabhrú le hinfheisteoirí a dhíriú i dtreo infheistíochtaí i dtionscadail a bhfuil tionchar dearfach acu ar an gcomhshaol. (tk)

---




## Tá aitheantas níos leithne tuillte ag an obair dheonach san Aontas Eorpach

**D’iarr Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE) ar an Aontas Eorpach agus ar na Ballstáit tacaíocht chórasach, mhachnamhach a thairiscint don obair dheonach. Tríd an méid sin a dhéanamh, thabharfadh sé aitheantas don tionchar ollmhór atá ag an obair dheonach ar fhorbairt shóisialta na hEorpa agus don ról ríthábhachtach atá aici i gcur chun feidhme Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe agus i gcothú an chuimsithe shóisialta.**

Sa tuairim féintionscnaimh uaidh faoi obair dheonach, mhol CESE go n-ainmneoidh an tAontas 2025 mar Bhliain Eorpach na nOibrithe Deonacha, go leathnódh sé scéimeanna deonacha an Aontais agus go gcuirfeadh sé maoiniú ar fáil do dhaoine scothaosta agus go bhforbródh sé modh uile-Aontais chun sonraí saorálaíochta a bhailiú a d’fhéadfadh tíortha agus eagraíochtaí a roinnt.

Dúirt **Krzsysztof Pater, rapóirtéir na tuairime:** “Ní hiad **c**innteoirí, polaiteoirí nó eagraíochtaí na sochaí sibhialta a thógfaidh todhchaí na hEorpa, ach na saoránaigh ghníomhacha agus na hoibrithe dheonacha – daoine a chaitheann a gcuid ama saor ar mhaithe leis an tsochaí.

San Eoraip, déanann duine as gach cúigear obair dheonach gach bliain. Léiríodh le suirbhé a rinneadh le déanaí go raibh 25 % d’Eorpaigh óga páirteach i ngníomhaíocht eagraithe saorálaíochta gach bliain. Gach lá, caitheann oibrithe dheonacha ó gach aois ghrúpa agus ó gach cúlra a gcuid ama ar ghníomhaíochtaí ar mhaithe le daoine eile agus leis an gcomhshaol, rud a neartaíonn an tsochaí agus a fhorbraíonn todhchaí inbhuanaithe.

“Tá gá le tacaíocht chórasach iomlán ag leibhéal an Aontais agus ag leibhéal náisiúnta ós rud é go mbíonn tionchar na tacaíochta sin i bhfad níos mó ná an costas a d’fhéadfadh a bheith ag baint léi,” a dúirt an tUasal Pater. De réir na mionsonraí atá ar fáil, tá fíorluach eacnamaíoch ag baint le gníomhaíocht na n-oibrithe deonacha a ghineann níos mó ná 2 % de OTI i roinnt mhaith tíortha.

Ó bhí Bliain Eorpach na hOibre Deonaí ann in 2011, thosaigh an obair dheonach ag imeacht de réir a chéile den chlár oibre Eorpach. Níor luadh an obair dheonach ach ó am go chéile: Is é an tAontas a chruthaigh an

Cór Saorálach Eorpach agus an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach, agus a rinne ábhar tosaíochta den obair dheonach sa Chlár um an Eoraip ar son na Saoránach.

De réir CESE, tá aitheantas níos leithne tuillte ag cúnamh na n-oibrithe deonacha, agus ag an tsláinte agus ag an gceangal a mbraitheann siad mar chúiteamh leis. (II)

---



## Pleananna téarnaimh náisiúnta: deis chun srian a chur leis an dífhostaíocht i measc na hóige

**I ngeall ar phaindéim COVID-19, tháinig méadú suntasach ar an dífhostaíocht i measc na hóige i roinnt mhaith Ballstát, agus dá bharr sin, ar líon na ndaoine óga nach bhfuil i mbun oideachais, fostaíochta ná oiliúna (NEETanna). I dtuairim féintionscnaimh a eisíodh le déanaí, áitíonn Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE) gur deis ar leith iad na pleananna téarnaimh náisiúnta chun an treocht sin a aisiompú agus obair chuibhiúil a chinntiú do gach Eorpach óg.**

‘Is deis ar leith iad na pleananna téarnaimh náisiúnta, deis nár mhiste a thapú agus leas á bhaint as rialachas cuimsitheach agus as idirphlé oscailte agus trédhearcach’, arsa rapóirtéir na tuairime, **Nicoletta Merlo** .

Agus í ag cur in iúl gurb oth léi ‘nár tharla aon chomhairliúchán suntasach leis na comhpháirtithe sóisialta, leis na heagraíochtaí óige ná leis an tsochaí shibhialta eagraithe agus na pleananna téarnaimh náisiúnta á n-ullmhú’, dúirt Nicoletta Merlo go n-iarrann CESE go mbeadh na geallsealbhóirí sin rannpháirteach i gcur chun feidhme agus i bhfaireachán na bpleananna.

‘Ar an gcaoi sin, beimid in ann an t-idirphlé sóisialta a chosaint ar an leibhéal náisiúnta, ar rud ríthábhachtach é chun a chinntiú go gcaitear an t-airgead poiblí ar bhealach fónta, d’fhonn téarnamh cuimsitheach a bhaint amach. Is mian linn go bhforbródh na Ballstáit poist ardcháilíochta agus seirbhísí cuimsitheacha do dhaoine óga, agus go háirithe dóibh siúd faoi mhíchumas agus dóibh siúd atá leochaileach ar chúiseanna éagsúla’, a d’áitigh sí.

Ba cheart aird ar leith a thabhairt sna pleananna sin ar uas-sciliú na ndaoine óga a bhfuil an cúnamh sin ag teastáil uathu, ar chonarthaí nach bhfuil dáta deiridh luaite leo agus ar dhálaí oibre cuibhiúla lena gcuirtear srian leis an riosca go mbeidh poist fhorbhásacha ag daoine óga, mar is amhlaidh go minic sa lá atá inniu ann.

Léiríonn na figiúirí is déanaí ó Eurostat gur chaill duine amháin as seisear faoi bhun 30 bliain d’aois a phost i ngeall ar thionchar eacnamaíoch phaindéim COVID-19. Is ábhar imní ar leith é go bhfuil líon na NEETanna ag dul i méid. Tá an riocht ina bhfuil siad ag dul in olcas mar thoradh ar dhaoine ag éirí as an scolaíocht róluath, easpa treorach iomchuí, cailleadh fostaíochta agus easpa deiseanna fostaíochta.

Bealach amháin chun cosc a chur ar dhaoine óga éirí as an scolaíocht róluath is ea tréimhsí oiliúna ardchaighdeáin a chur chun cinn, rud ar féidir cabhrú le daoine óga iad féin a lánpháirtiú i margadh an tsaothair. Dá bharr sin, iarrann CESE go gcuirfí cosc ar thréimhsí oiliúna neamhíoctha agus go dtabharfaí luach saothair cuibhiúil do gach oiliúnaí. (ll)

---



## CESE den tuairim go bhfuil an chomhpháirtíocht AE-SAM ríthábhachtach don daonlathas, don tsíocháin agus don tslándáil

**Agus an tSín agus an Rúis ar an ionsaí, is comhpháirtíocht thrasatlantach athnuaite agus iontaofa an chaoi is fearr lena chinntiú nach ndéanfar dochar don ord idirnáisiúnta agus dlí ná don tsíocháin. Tacaíonn CESE leis an smaoineamh Comhghuaillíocht na nDaonlathas a chruthú, rud a chinnteodh go mbeadh ionchur suntasach ag an tsochaí shibhialta i gcosaint chomhpháirteach luachanna uilíocha agus ceart uilíoch.**

I dtuairim féintionscnaimh a glacadh le linn sheisiún iomlánach mhí na Nollag, chuir CESE chun suntais gur cheart don Aontas Eorpach agus do na Stáit Aontaithe, agus iad ag obair i gcomhar le chéile, an smacht reachta agus cearta an duine a chosaint don uile dhuine. Tugadh le fios freisin a thábhachtaí atá an caidreamh trasatlantach d’áit na hEorpa sa domhan.

Seo a bhí le rá ag **Christian Moos**, rapóirtéir na tuairime: ‘Tá coincheap chearta uilíocha an duine fós ar an rud a aontaíonn codanna móra den Aontas Eorpach agus stáit dhaonlathacha shaora an domhain, go háirithe Stáit Aontaithe Mheiriceá.’

Chuir **Peter Clever**, an comhrapóirtéir, leis an méid sin: ‘Cuirtear gné uilíoch chearta an duine in iúl tríd an bhféinghealltanas cuimsitheach sin ón uile dhuine maidir le cur chun feidhme [na gceart sin]. Sin an rud a fhágann go bhfuil tábhacht leo mar bhunús leis an idirphlé agus an tuiscint.’

Chun na críche sin, cuireann CESE i bhfios go láidir nach féidir ach le sochaí shibhialta díograis a chruthú agus luachanna a chosaint, agus áitíonn sé ar an Aontas ardán trasatlantach a chur ar bun don tsochaí shibhialta eagraithe a mbeadh pointí teagmhála aige i Meiriceá Thuaidh agus san Eoraip. Lena chois sin, ba cheart idirphlé na sochaí sibhialta trasatlantaí a bhunú ar réimse ábhar, lena n-áirítear cearta an duine, an bhréagaisnéis agus an ghníomhaíocht aeráide.

Tacaíonn CESE go mór leis an smaoineamh Comhghuaillíocht na nDaonlathas a bhunú agus tá sé ag iarraidh ar an Aontas Eorpach seasamh gualainn ar ghualainn le SAM agus le stáit dhaonlathacha eile an domhain chun ‘straitéis an imshrianta chomhoibríoch’ a chur chun cinn maidir leis an tSín: imshrianadh comhoibríoch

ina n-urramaítear agus ina gcosnaítear leasanna dlisteanacha na Síne, ach as a dtagann bearta taidhleoireachta soiléire láidre nuair a sháraítear cearta, rud a tharla i gcás na nUigiúrach agus lucht agóide Hong Cong. (at)

---




## Tuairim glactha ag CESE i ndáil le pacáiste reachtach maidir le frithsciúradh airgid

**Chuir an Coimisiún Eorpach a phacáiste reachtach nua do 2021 maidir leis an gcomhrac in aghaidh sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta faoi bhráid na gcomhreachtóirí agus Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa.**

I dtuairim a glacadh le linn sheisiún iomlánach mhí na Nollag, tacaíonn CESE go hiomlán leis na tograí, ach leagann sé béim freisin ar a phráinní atá sé na bearta sin a chur chun feidhme agus molann sé nithe tábhachtacha le cur leo. Tacaítear go forleathan le cruthú an Údaráis nua um Fhrithsciúradh Airgid. Athdhearbhaíonn an Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta a thogra maidir le Comhshocrú Eorpach chun dul i ngleic le hiompar a dhéanann dochar do phrionsabail eiticiúla agus pholaitiúla na gcóras daonlathais agus a bhaineann an bonn d’earraí poiblí, agus molann sé go gcruthófaí comhlacht comhairleach nua de chuid na sochaí sibhialta sa réimse frithsciúrtha airgid. Ina theannta sin, ní mór an Rialachán maidir le criptea-shócmhainní a chur chun feidhme mar ábhar práinne. Ba cheart don Choimisiún Eorpach freisin iarracht a dhéanamh beart práinneach a dhéanamh maidir le trasuí moillithe agus neamhiomlán na dTreoracha maidir le frithsciúradh airgid a bhí ann roimhe seo i roinnt Ballstát, agus ba cheart bearta sonracha a chur i bhfeidhm chun faireachán a dhéanamh ar chuideachtaí caocha. Ba cheart dó machnamh a dhéanamh freisin ar conas na bearta a leathnú chun bealaí sciúrtha airgid lasmuigh den chóras airgeadais a chumhdach. Ar deireadh, creideann CESE go láidir gur gá liosta nua, réalaíoch, cuimsitheach de thríú tíortha ardriosca a tharraingt suas. (tk)

---



## Ní bolscaireacht eolaíochta ach ceist chinniúnach atá san aistriú glas

**Le linn na comhdhála maidir leis an ngeopholaitíocht atá i gceist sa Chomhaontú Glas don Eoraip, comhdháil a d'eagraigh CESE i gcomhar le Líonra Réiteach um an bhForbairt Inbhuanaithe (SDSN) de chuid na Náisiún Aontaithe, cuireadh chun suntais an réimse mór impleachtaí geopholaitiúla atá ag an gComhaontú Glas, impleachtaí don Eoraip agus don domhan i gcoitinne. Tá CESE sásta páirt a ghlacadh sa phróiseas sin trína gcinnteofar go mbeidh úinéireacht shoiléir ag an tsochaí shibhialta ar an gComhaontú Glas.**

Is é a tugadh le fios sa Tuarascáil maidir leis an mBearna idir Riachtanais agus Féidearthachtaí ó thaobh Astaíochtaí (Emissions Gap Report) a foilsíodh i mí Dheireadh Fómhair 2021 go bhfuil méadú mór tagtha ar astaíochtaí a dhéanann dochar don aeráid, ainneoin go bhfuil beagnach 30 bliain ann ó síníodh Creat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide.

Is é a dúirt **Christa Schweng**, Uachtarán CESE: 'Seo an fáth a bhfuil an t-aistriú glas ina cheist chinniúnach le go dtiocfaidh an Eoraip agus an domhan slán. Is féidir ról ríthábhachtach a bheith ag an tsochaí shibhialta eagraithe ann sin. Níor chóir neamhaird a dhéanamh air go dteastaíonn tacaíocht na saoránach, thar rud ar bith eile, chun go n-éireoidh leis an aistriú glas.'

Is é a dúirt **Kadri Simson**, an Coimisinéir um Fhuinneamh: 'Athróidh an caidreamh atá againn lenár gcomhpháirtithe. Caithfidh gach duine a bheith ar aon fhocal faoi má táimid chun an ghéarchéim aeráide a leigheas. Cruthófar caidreamh agus teagmhálacha nua nuair a thabharfar isteach córas fuinnimh nua.'

Dúirt Aire an Aistrithe Ghlais sa Fhrainc, **Barbara Pompili**, go mbeadh éifeacht mhór ag an gComhaontú Glas agus ag an aistriú glas ar an gcaidreamh idirnáisiúnta. Beidh ar an Eoraip a bheith chomh huaillmhianach agus is féidir maidir le hastaíochtaí a laghdú, an bhithéagsúlacht a chosaint agus a athbhunú agus an truailliú a chomhrac. Tá ról ríthábhachtach ag an dlúthpháirtíocht chun an Comhaontú Glas a ráthú agus chun aistriú glas atá cóir a chinntiú. Aistriú glas na hearnála fuinnimh an príomhfhócas ba cheart a bheith ann, agus ba cheart go gcabhródh gníomhaíochtaí geopholaitiúla an Aontais, dá bhrí sin, le luaineacht praghsanna fuinnimh a laghdú, agus, ag an am céanna, baint de na rioscaí a bhaineann le húsáid fuinnimh ghlain a chur chun cinn agus a mhéadú. Éilíonn an uathriail straitéiseach oscailte slabhraí luacha nua ina gcaithfidh poist áitiúla ardcháilíochta agus torthaí do phobail áitiúla a bheith ag gabháil leis na hathruithe ar fad. (at)




# Tá an t-idirphlé arna éascú ag an Aontas ríthábhachtach i gcónaí chun an caidreamh idir an Chosaiv agus an tSeirbia a normalú

**Ag an 51ú cruinniú den Choiste Leantach um na Balcáin Thiar, tarraingíodh aird faoi leith ar réiteach coinbhleachta agus normalú an chaidrimh idir an Chosaiv* agus an tSeirbia. Bhí cainteoirí móra le rá idir oifigigh an Aontais, shaineolaithe ó na Balcáin Thiar, chomh maith le hionadaithe na sochaí sibhialta ó na pobail áitiúla á n-óstáil ag an gcruinniú, a raibh Ionuţ Sibian i gceannas air, agus d'aontaigh gach duine acu gurb é an t-idirphlé arna éascú ag an Aontas an t-aon bhealach amháin chun cinn.**


Thug Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh don Idirphlé idir Béalgrád agus Pristine agus do shaincheisteanna réigiúnacha eile de chuid na mBalcán Thiar, **Miroslav Lajčák** forléargas ar an idirphlé arna éascú ag an Aontas agus ar na dúshláin a bhaineann leis, agus chuir sé in iúl gurb oth leis gur ghá an plé a dhíriú arís eile ar réiteach coinbhleachta, seachas bailchríoch a chur ar phróiseas an normalaithe.

Dúirt **Marko Prelec** ón nGrúpa Géarchéime nach sprioc réalaíoch a bhí i gcomhaontú cuimsitheach idir an Chosaiv agus an tSeirbia faoi láthair, ós rud é go n-áireofaí aitheantas frithpháirteach in aon chomhaontú den sórt sin.

Mheas **Leon Hartwell** ón Lárionad um Anailís ar Bheartas Eorpach (CEPA) gur beag toil pholaitiúil a bhí ann na 30 comhaontú arna réiteach ag an Aontas idir an Chosaiv agus an tSeirbia atá ann cheana a chur chun feidhme.

Chuir **Branislav Staníček** ó Sheirbhís Taighde Pharlaimint na hEorpa (EPRS) i bhfáth a thábhachtaí atá an comhar trasatlantach má tá rath le bheith ar an idirphlé normalaithe. Léirigh rannpháirtithe ó eagraíochtaí áitiúla na sochaí sibhialta ó Bhéalgrád, Pristine agus Tuaisceart Mitrovica an tábhacht a bhaineann le dálaí a chruthú chun an deighilt eitneach idir na pobail a dhúnadh.

*Ní dochar an t-ainmniú seo do sheasaimh ar stádas, agus tá sé ag teacht le UNSCR 1244/1999 agus le tuairim CBI maidir le dearbhú neamhspleáchais na Cosaive. (at)




# Ní mór cothromaíocht idir cothrom na Féinne, iomaíochas agus laghduithe ar astaíochtaí a áirithiú i mbeartais aeráide ‘Oiriúnach do 55’

**Tá sraith beart iarrtha ag Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE) lena chinntiú go rachfar i gcomhairle le gach duine maidir le pacáiste ‘Oiriúnach do 55’ an Choimisiúin Eorpaigh agus go rachaidh sé chun tairbhe do chách. Leis an bpacáiste tograí sin, cuirfear an tAontas ar an mbóthar ceart chun astaíochtaí carbóin a laghdú faoi 55 % faoi 2030.**

‘Fágfaidh gnóthú na spriocanna athbhreithnithe do 2030, mar a mholtar sa phacáiste ‘Oiriúnach do 55’, go mbeidh tionchar míchothrom ar réigiúin agus pobail ar fud na hEorpa. Dá bhrí sin, tá sé fíorthábhachtach sásraí leordhóthancha dlúthpháirtíochta a dhearadh agus a mhaoiniú i gceart, d’fhonn aistriú a bheidh cothrom ó thaobh na sochaí de, iomaíoch agus glas a bhaint amach,’ a dúirt **Cillian Lohan**, Leas-Uachtarán ar CESE.

**Tuairimí agus conclúidí coiteanna ó CESE**

Sna tuairimí uaidh (22 thuairim san iomlán style="color:blue"> class="underline">), cuireann CESE in iúl go dtacaíonn sé go mór leis an bpacáiste óir tá gá leis chun dlús a chur leis an aistriú fuinnimh agus chun a bheith neodrach ó thaobh na haeráide de. Cuireann CESE i bhfios go láidir, mar sin féin, nach mór an chothromaíocht cheart idir cothroime shóisialta, iomaíochas agus laghduithe ar astaíochtaí a áirithiú sna beartais.

Moltaí coiteanna ó CESE:

- Cé go mbeidh tionchar mór ag na bearta a mholtar sa phacáiste ar roinnt earnálacha, cruthófar deiseanna nua d’earnálacha eile mar gheall ar an aistriú chuig tionscal glas. Ní mór an sprioc a bheith ann i gcónaí beartais chothromaithe a bheith ann a thabharfaidh tacaíocht dóibh siúd a bheidh thíos leis an aistriú aeráide.
- Tá gá le cláir uas?scilithe agus athscilithe d’fhiontraithe agus oibrithe araon lena chinntiú go mbeidh siad in ann ag na teicneolaíochtaí is nua agus go mbeidh na scileanna digiteacha agus inbhuanaithe is gá acu.
- Tá rannpháirtíocht na sochaí sibhialta ríthábhachtach maidir le trédhearcacht, cuntasacht agus chun beartas eacnamaíoch cothromaithe a bhunú, ina dtabharfar na leasanna uile le chéile.
- Tá ról tábhachtach ag na comhpháirtithe sóisialta agus eagraíochtaí ábhartha na sochaí sibhialta. Ní mór daoibh a bheith páirteach ag céim phleanála agus chur chun feidhme araon an phacáiste ‘Oiriúnach do 55’.

Tá sé ríthábhachtach nach bhfágfar aon duine ar lár mar gheall ar a bhfuil le déanamh, rud a chiallaíonn gur gá gach saoránach a chur i gcroílár an aistrithe ghlais. (mr)




## Ní mór do phlean téarnaimh an Aontais rannchuidiú le haistriú cóir a chumasú do thionscail an Aontais atá dian ar acmhainní agus ar fhuinneamh

**Ghlac Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa tuairim féintionscnaimh maidir le conas is féidir le tionscail atá dian ar acmhainní agus ar fhuinneamh leas a bhaint as plean téarnaimh an Aontais agus iad ag aistriú i dtreo an dícharbónaithe agus na digiteála, ar aistriú é a bheidh inghlactha go sóisialta. Molann CESE don Choimisiún agus d'institiúidí eile an Aontais cothrom na Féinne a ráthú laistigh den mhargadh aonair, chun nach mbeidh buntáistí míchothroma ann don tionsclaíocht ag brath ar chur chuige gach Ballstáit ar leith.**

Tá táirgeadh tionsclaíoch san Eoraip buailte go dona ag an bpaindéim, agus cé go raibh cuideachtaí Eorpacha in earnálacha ina bhfuil tomhaltas ard acmhainní agus fuinnimh i gcruachás cheana féin, ní mór dóibh aghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim bhreise gan choinne seo anois. Ag an am céanna, tá cuideachtaí Eorpacha in earnálacha atá dian ar acmhainní agus ar fhuinneamh ag tabhairt aghaidh ar an ngá práinneach atá ann dul in oiriúint do chuspóirí beartais an Aontais chun dul i ngleic leis an athrú aeráide, tríd an gComhaontú Glas don Eoraip a chur chun feidhme.

'Ní bhainfear an t-aistriú tionsclaíoch amach ach amháin má chuirtear an t-aistriú fuinnimh chun feidhme. Tá taighde, nuálaíocht agus cur chun feidhme cuí phleananna téarnaimh an Aontais Eorpaigh ríthábhachtach chun aistriú cóir a bhaint amach i gcomhréir leis an sprioc maidir le neodracht carbóin. Chuige sin, is é an príomhrud leordhóthain foinsí fuinnimh ísealcharbóin inacmhainne a bheith ar fáil chun go mbeidh an táirgeadh tionsclaíoch ísealcharbóin indéanta', a dúirt an rapóirtéir **Andrés Barceló Delgado.**

'Tá sé ríthábhachtach aistriú cóir a chumasú do thionscail atá dian ar acmhainní agus ar fhuinneamh. Is cruthú agus cothabháil post ardcháilíochta, mar aon le rannpháirtíocht na gcomhpháirtithe sóisialta agus tacaíocht d'aistrithe lucht saothair tríd an athsciliú agus an uas-sciliú a chaithfidh a bheith mar thoradh ar shaoráid téarnaimh an Aontais agus ar na pleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta gaolmhara', arsa an co-rapóirtéir **Enrico Gibellieri.** (ks)




## Gníomhaíochtaí CESE le linn Uachtaránacht na Fraince ar an Aontas Eorpach

**Tá an Fhrainc ag dul i gceannas ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh ag tráth cinniúnach, tráth atá an t-uafás dúshlán le sárú ag an Aontas Eorpach, ina measc, dúshláin sláinte, shóisialta, eacnamaíocha agus chomhshaoil.**

Ceann de na príomhthosaíochtaí atá aici is ea Eoraip níos ceannasaí a chothú ó thaobh na himirce, na cosanta agus an bheartais comharsanachta de. Ar na príomhthosaíochtaí eile atá aici tá samhail nua Eorpach a thógáil lena dtugtar le chéile gnéithe eacnamaíocha, comhshaoil agus sóisialta agus an muintearas coiteann atá againn a threisiú, rud arb é is bonn leis an tionscadal Eorpach agus atá ina phríomhghné den Chomhdháil ar Thodhchaí na hEorpa. Le linn a hUachtaránachta ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh, tá sé de rún ag an bhFrainc aird faoi leith a dhíriú ar ghuth an aosa óig, a mbeidh an spotsolas air i mbliana le Bliain Eorpach na hÓige 2022.

Tá Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa meáite ar bheith ag obair i ndlúthchomhar le hUachtaránacht na Fraince agus aird a tharraingt ar ghuth shochaí shibhialta na hEorpa. Tá sé ag tnúth le bheith ag obair leis an Uachtaránacht chun Aontas Eorpach láidir a bhaint amach atá gar do na saoránaigh. Leagtar amach sa bhróisiúr seo na príomhghníomhaíochtaí agus na príomhthionscnaimh a bheidh ar bun ag CESE chun tacú le hobair na hUachtaránachta.
Tá an bróisiúr seo le fáil as EN, FR agus DE ar shuíomh gréasáin CESE. Is féidir cóipeanna clóite a ordú ó: vipcese@eesc.europa.eu.  (af)

# NEWS FROM THE GROUPS




# Fís nua do thodhchaí na hEorpa

**Le Grúpa na bhFostóirí in CESE**

**Tá todhchaí na hEorpa fite fuaite i dtodhchaí a hearnála tionsclaíochta. Fágann na spriocanna uaillmhianacha atá aici go mbeidh cuideachtaí láidre nuálacha ag teastáil a mbeidh sé d'acmhainn acu freastal ar riachtanais an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh, agus borradh a chur faoi iomaíochas an Aontais san am céanna.**

Sin é an fáth ar eagraigh Grúpa na bhFostóirí a ócáid shuaitheanta i gcomhthéacs na Comhdhála leanúnaí ar Thodhchaí na hEorpa. Le linn na hócáide, labhair príomhoifigigh feidhmiúcháin nuálacha, comhaltaí CESE, ionadaithe ó chomhlachais ghnó Eorpacha agus Herman Van Rompuy, Uachtarán Emeritus ar an gComhairle Eorpach, faoi na saincheisteanna sin. Bunaithe ar óráidí na bpríomhchainteoirí, ar an bplé painéil agus ar bharúlacha agus ceisteanna ón lucht féachana, thángthas ar na conclúidí seo a leanas:

1. **Misneach agus dóchas as an tionscadal Eorpach a chothú athuair**: De réir mar a théann an phaindéim ar aghaidh, ní éireoidh linn an téarnamh is fearr is féidir a dhéanamh ach amháin má ghlactar cur chuige fiontraíochta.

2. **Eoraip níos íomaíoch – cur leis an rathúnas ar mhaithe leis an nglúin atá ann faoi láthair agus leis na glúnta atá le teacht**: Leis an gComhdháil ar Thodhchaí na hEorpa, ba cheart gach ní beo a dhéanamh chun torthaí inbhraite a bhaint amach agus an geilleagar á atógáil tar éis na paindéime d'fhonn a áirithiú go mbeidh an Eoraip ar an áit is tarraingtí ar domhan chun gnólacht a chur ar bun, a reáchtáil agus a fhorbairt.

3. **Leas iomlán a bhaint as an gcreat institiúideach atá ann cheana**: Ba cheart don Aontas leas iomlán a bhaint as an gcreat institiúideach atá aige óir is féidir cuid de na cuspóirí a leagtar amach ann a bhaint amach gan leasú a dhéanamh ar na Conarthaí.

4. **Fáil réidh le cineálacha cur chuige oibre neamh-chomhtháite – comhpháirtíochtaí trasearnála chun nuálaíocht agus fás a éascú**: Agus an saol ag athrú go tapa, tá sé ríthábhachtach a bheith in ann líonrú agus oibriú thar thionscail agus líonraí an-solúbtha a chur ar bun ar an leibhéal áitiúil agus ar an leibhéal domhanda thar éiceachórais má táthar chun nuálaíocht agus fás á éascú agus samhail fás inbhuanaithe don Eoraip a chur chun cinn.

5. **Comhar idir rialtais agus fiontair chun go n-éireoidh leis an aistriú glas agus an t-aistriú digiteach**: Chun dlús a chur leis an aistriú glas agus an t-aistriú digiteach, ní mór roinnt tionscnamh a thabhairt le chéile in aon bheartas amháin.

6. **Samhlacha gnó nua inbhuanaithe**: Tá todhchaí na hEorpa fite fuaite i dtodhchaí a hearnála tionsclaíochta agus fágann na spriocanna uaillmhianacha atá aici go mbeidh cuideachtaí láidre nuálacha ag teastáil. Braitheann todhchaí na ngnólachtaí ar a gcumas iad féin a chur in oiriúint d'athruithe agus cló úr a chur orthu trí shamhlacha gnó nua inbhuanaithe.

7. **Tallann, oideachas agus scileanna atá oiriúnach don todhchaí**: Is freagracht chomhroinnte lárnach iad na scileanna agus an t-oideachas chun bheith nuálach ar fud an éiceachórais ar fad agus tá siad ríthábhachtach d'iomaíochas na hEorpa agus don rath a bheidh uirthi san aistriú glas agus san aistriú digiteach. Tuilleadh faisnéise faoin imeacht agus faoi rannpháirtíocht Ghrúpa na bhFostóirí in CESE sa Chomhdháil ar Thodhchaí na hEorpa:

Tuarascáil iomlán: https://www.eesc.europa.eu/ga/documents/setting-out-new-vision-future-europe-final-report

Físeán den imeacht: https://www.youtube.com/watch?v=xd9AWe1W3nE&t=1s

Forógra 'Féachaint chuige go mbeidh an tAontas in ann gníomhú: https://www.eesc.europa.eu/ga/our-work/publications-other-work/publications/making-european-union-capable-action

Suíomh gréasáin an imeachta ar a bhfuil tuilleadh faisnéise le fáil: https://www.eesc.europa.eu/ga/agenda/our-events/events/setting-out-new-vision-future-europe (dv/kr)

---




## Cuir deireadh leis an dúsháinn i gcoinne phaitinní vacsaíní COVID

**Le Grúpa na nOibrithe in CESE**

**De réir mar a thagann muintir na hEorpa chucu féin arís i ndiaidh shos na Nollag, tá ráig COVID ag leathadh ar fud na hEorpa: tá méadú as cuimse tagtha ar líon na ndaoine ionfhabhtaithe ar fud an domhain mar thoradh ar athraitheach Omicron. Mar sin féin, a bhuí leis an imdhíonacht mhéadaithe agus a bhuí le vacsaínithe a fuarthas roimhe sin, chomh maith le héabhlóid nádúrtha an víris i dtreo athraitheacha ar lú a dtionchair mharfacha agus ionsaitheacha, tá laghdú tagtha ar líon na ndaoine a bhfuil galar tromchúiseach orthu, a rinneadh ospidéalú orthu agus a fuair bás in ainneoin líon fíorard daoine a bheith ionfhabhaithe.**

Mar sin féin, tá ró-ualach ar ár gcórais sláinte arís. Agus cé go bhfuil rátaí vacsaínithe an-ard i dtíortha saibhre i gcoitinne, níl na rátaí chomh hard sin i roinnt mhaith áiteanna ar domhan, áiteanna nach bhfuil córais cúraim sláinte chomh hullmhaithe céanna acu ach oiread. Tá daoine ag fáil bháis ar fud an domhain i gcónaí de dheasca na paindéime, agus is tíortha atá i mbéal forbartha is mó atá thíos leis sin, tíortha ina bhfuil an víreas ag só ag ráta scanrúil. Uaireanta, is tréithchineálacha den víreas nach bhfuil chomh tromhchúiseach céanna a fhorbraítear amhail Omicron ach ní hamhlaidh an cás i gcónaí.

Chun deireadh a chur leis an bpaindéim seo, ní mór iarrachtaí níos fearr a dhéanamh maidir le vacsaíní. Forbraíodh na vacsaíní sin a bhuí leis an dul chun cinn suntasach atá déanta in earnáil na heolaíochta agus an leighis agus le hinfheistíochtaí poiblí ar fiú na billiúin Euro iad, agus mar sin, ní mór na vacsaíní a bheith

chun leas an phobail i gcónaí agus ba cheart smacht a bheith ag na hinstitiúidí daonlathacha ar leathadh amach na vacsaíní. Ní mór paitinní ar vacsaíní COVID-19 agus ar bhonn níos leithne ar tháirgí agus teicneolaíochtaí sláinte, a tharscaoileadh go sealadach faoin gComhaontú maidir le Gnéithe de Chearta Maoine Intleachtúla a bhaineann le Trádáil (Comhaontú TRIPS) a rinneadh ag an Eagraíocht Dhomhanda Trádála (EDT). Mhol an India agus an Afraic Theas tarscaoileadh TRIPS bliain ó shin lena chinntiú, le linn na paindéime seo, nach féidir le cearta maoine intleachtúla bac a chur ar rochtain phráinneach uilíoch inacmhainne ar tháirgí sláinte gaolmhara ná ar fhorbairt na dtáirgí sin, lena n-áirítear na vacsaíní is gá chun COVID-19 a chomhrac. Tacaíonn níos mó ná 100 tír leis an tarscaoileadh de chuid na hEagraíochta Domhanda Trádála ach tá an tAontas Eorpach i measc chomhaltaí EDT nach bhfuil ag tacú go fóill leis an tarscaoileadh atá beartaithe i dtaca leis na cearta maoine intleachtúla a bhaineann le COVID-19 faoi Chomhaontú TRIPS, lena n-áirítear vacsaíní COVID-19.

Mura n-aontófaí go práinneach le tarscaoileadh, d’fhéadfadh roinnt mórchuideachtaí cógaisíochta cosc a chur ar mhonaróirí eile vacsaíní COVID-19 a tháirgeadh, rud a chuirfeadh bac ar iarrachtaí an Aontais méadú a dhéanamh ar an táirgeacht sa bhaile, agus ar mhonarú vacsaíní i dtíortha atá i mbéal forbartha ar fud an domhain. Ina theannta sin, cuirfidh sé téarnamh eacnamaíoch an Aontais agus téarnamh eacnamaíoch an domhain i mbaol tríd an bpaindéim seo a fhadú. Mar a léiríodh le linn na ráige nua i rith shos na Nollag, d’fhéadfadh sé gur gearr go mbeidh an phaindéim thart, ach mar sin féin, tá bealach maith romhainn. Is faide arís a bheidh an bealach sin agus caillfear roinnt mhaith daoine eile ar fud an domhain mura bhfuil rochtain fós ag cuid mhór den phobal ar vacsaíní. (prp)




# Tá léirithe i staidéar ó CESE go bhfuil neamhréir idir an dúthracht atá ann i leith obair dheonach agus na fíordheiseanna atá ar fáil i dtaca leis sin

**Leis an nGrúpa 'Éagsúlacht Eoraip' in CESE**

**Deimhnítear i staidéar a rinne CESE le déanaí maidir le Treochtaí nua i bhforbairt na hoibre deonaí san Aontas Eorpach go bhfuil daoine i ngach Ballstát Eorpach toilteanach obair dheonach a dhéanamh. Mar sin féin, cé go bhfuil neart dúthrachta ann i leith na hoibre deonaí, ní hionann na rátaí saorálaíochta ar fud na mBallstát de bharr éagsúlacht na dtraidisiún agus an bhonneagair san obair dheonach den chuid is mó.**

Léirítear sa staidéar freisin dhá nós uile-Eorpacha atá tagtha chun cinn i réimse na hoibre deonaí: tá gníomhaithe nua ag éirí níos rannpháirtí maidir le daoine a spreagadh i dtreo na hoibre deonaí agus na daoine sin a mheaitseáil le deiseanna oibre deonaí, agus tá méadú ag teacht ar líon na ndaoine a dhéanann obair dheonach gan choinne mar gheall ar theicneolaíochtaí nua agus na meáin shóisialta.

Moltar sa staidéar infheistíocht a dhéanamh chun rannpháirtíocht tríú páirtí a fhorbairt agus chun bacainní ar shaorálaíocht spontáineach an duine aonair a bhaint. Moltar ann freisin cabhrú le heagraíochtaí deonacha na gníomhaíochtaí deonacha a chur in oiriúint níos fearr do roghanna na n-oibrithe deonaí a d'fhéadfadh a bheith ann.

Choimisiúnaigh CESE an staidéar arna iarraidh sin ag an nGrúpa 'Éagsúlacht Eoraip', a bhfuil a chomhaltaí i ndlúth-theagmháil le hoibrithe deonacha ar bhonn laethúil agus tá ról ríthábhachtach acu maidir le fuinneamh na n-oibrithe deonaí a eagrú agus a chothabháil.

Foilsíodh an staidéar i mí na Nollag i gcomhthéacs Lá Idirnáisiúnta na hOibre Deonaí agus cuireadh i láthair é ag ócáid ar líne a d'eagraigh an Grúpa 'Éagsúlacht Eoraip'. Rinne Leas-Uachtarán an Ghrúpa 'Éagsúlacht Eoraip', **Kinga Joó**, an phreasócáid a stiúradh le réamhrá ó Uachtarán an Ghrúpa 'Éagsúlacht Eoraip', **Séamus Boland**, agus cur i láthair ó phríomhúdar an staidéir, **an Dr Lucas Meijs**, agus ón rapóirtéir don tuairim is déanaí ó CESE *Oibrithe deonacha – Saoránaigh i mbun todhchaí na hEorpa a thógáil*, **Krzysztof Pater**.

Is féidir tuilleadh eolais a fháil faoin staidéar, faoin tuairim ó CESE agus faoin gcur i láthair ar an staidéar ar shuíomh gréasáin CESE.

# SOON IN THE EESC/CULTURAL EVENTS




## 99 ndalta ag teacht le chéile chun dul i ngleic leis an mbréagnuacht

**Sna míonna amach romhainn, beidh daltaí ó mheánscoileanna ar fud na hEorpa réidh le seisiún tobsmaointeoireachta a bheith acu maidir leis an gcaoi is fearr le dul i ngleic leis an mbréagaisnéis san Eoraip. I mí an Mhárta, roghnóidh siad na smaointe is coitianta le cur i láthair cheannairí an Aontais.**

‘An Fhírinne faoi na Bréaga. An tAos Óg ag dul i ngleic leis an mBréagaisnéis’ is teideal d’ócáid shuaitheanta CESE don aos óg ‘Leatsa an Eoraip, Abair leat!’ (YEYS) den 13ú bliain as déis a chéile.

Rinne 561 mheánscoil ó 27 mBallstát an Aontais Eorpaigh agus ó na 5 thír is iarrthóirí (an Albáin, Montainéagró, an Mhacadóin Thuaidh, an tSeirbia agus an Tuirc) iarratas ar pháirt a ghlacadh in YEYS 2022. Tháinig deireadh leis an gclárú ar an 2 Nollaig 2021. Roghnaíodh na scoileanna rannpháirteacha, scoil amháin ó gach tír, trí chrannchur an 9 Nollaig 2021. Tá liosta na scoileanna a roghnaíodh don tionscnamh le fáil anseo.

Beidh na seisiúin díospóireachta ar siúl go cianda an 31 Márta agus an 1Aibreán 2022. Tá CESE tosaithe cheana féin leis na hullmhúcháin chun fáilte a chur roimh gach duine de na 99 ndalta agus na múinteoirí a bheidh mar mheantóirí acu.

Faoi lár mhí Eanáir 2022, beidh comhaltaí CESE, ag gníomhú dóibh mar mheantóirí, tosaithe le cuairt a thabhairt ar na scoileanna a roghnaíodh chun cabhrú leis na daltaí ullmhú do na príomhsheisiúin.

Tá an ócáid ceaptha feasacht a ardú maidir le contúirtí na bréagaisnéise agus spreagadh a thabhairt don aos óg a bheith níos gníomhaí maidir le dul i ngleic leis an mbréagnuacht.

Sainaithníodh YEYS2022 mar cheann de phríomhimeachtaí Bhliain Eorpach na hÓige 2022. (ck)

## Is cuma nó buachaillí bó anallód iad seachadóirí bia an lae inniu: taispeántas grianghraf




**Tá taispeántas fíorúil á óstáil ag CESE d'íomhánna a ghlac Frédéric Stucin, grianghrafadóir Francach, ina gcuirtear seachadóirí bia i láthair mar shainghné de shaol cathrach an lae inniu agus ina ndírítear ar a gcuid oibre mar chineál nua fostaíochta atá beag beann ar na forálacha sláinte agus sábháilteachta Eorpacha atá ann d'oibrithe.**

Tá 20 íomhá ar taispeáint ina gcuirtear i láthair na 'marcaigh' seo agus bia á sheachadadh acu thar ceann Uber Eats, Deliveroo agus ardáin eile dá sórt.

*'Níl aon oidhre ar na marcaigh fhinscéalacha a bhíodh ag seachadadh poist do Phost na gCapall sna Stáit Aontaithe fadó ach na seachadóirí nua-aimseartha seo agus iad ag imeacht leo ar luas lasrach ar a rothair nó ar a scútair ó cheann ceann na cathrach, de ló is d'oíche'*, arsa **Frédéric Stucin**.

Léirítear sna grianghraif freisin na dálaí crua faoina n-oibríonn siad – bíonn orthu an obair a dhéanamh fliuch fuar an lá, bíonn fuireach orthu lasmuigh de bhialanna, ní foláir dóibh a gcostais agus táillí iompair féin a íoc, caitheann siad cur suas le hardáin éilitheacha agus custaiméirí crosta, agus gan de rogha acu ach glacadh leis go mb'fhéidir go mbainfeadh timpiste dóibh le linn na hoibre.

Bíonn na hardáin seo ag maíomh faoina sholúbtha atá siad agus faoi shaoirse a bheith ag oibrithe a n-uaireanta oibre féin a roghnú, ach is minic a cheiltear bunchearta saothair ar chuid mhaith de na hoibrithe sin. Tá dul chun cinn áirithe déanta le deireanas agus is fíor go bhfuil dálaí oibre ábhairín níos fearr le fáil anois ar chuid de na hardáin agus go bhfuil na hoibrithe féin ag cur le chéile chun sásraí tacaíochta frithpháirteacha a chur ar bun.

*Theastaigh uaim ómós a thabhairt sa taispeántas do na daoine misniúla seo a bhfuil meas mór ag dul dóibh,'* arsa **Stucin**.

Caitear solas sna grianghraif ar shaincheisteanna faoi leith a bhaineann leis na hoibrithe neamhthipiciúla seo, a bhfuil fás faoina líon, rud is díol spéise tráth atá tuairim ó CESE faoin Idirphlé sóisialta mar uirlis don tsláinte agus don tsábháilteacht ag an obair le plé ag seisiún iomlánach mhí Eanáir.

Beidh an taispeántas, atá á reáchtáil i gcomhar le hUachtaránacht na Fraince ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh, ar siúl **ón 15 Eanáir go dtí an 15 Feabhra** 2022. Is féidir féachaint air ANSEO. (ck)


## Editors

Ewa Haczyk-Plumley (editor-in-chief)
Daniela Marangoni (dm)

# Contributors to this issue

Amalia Tsoumani (at)
Chrysanthi Kokkini (ck)
Daniela Marangoni (dm)
Daniela Vincenti (dv)
Ewa Haczyk-Plumley (ehp)
Jasmin Kloetzing (jk)
Katharina Radler (kr)
Katerina Serifi (ks)
Laura Lui (ll)
Marco Pezzani (mp)
Pablo Ribera Paya (prp)
Thomas Kersten (tk)

# Coordination

Agata Berdys (ab)
Katerina Serifi (ks)

Technical support
Bernhard Knoblach (bk)

# Address

European Economic and Social Committee
Jacques Delors Building,
99 Rue Belliard,
B-1040 Brussels, Belgium
Tel. (+32 2) 546.94.76
Email: eescinfo@eesc.europa.eu

EESC info is published nine times a year during EESC plenary sessions. EESC info is available in 23 languages
EESC info is not an official record of the EESC's proceedings; for this, please refer to the Official Journal of the European Union or to the Committee's other publications.
Reproduction permitted if EESC info is mentioned as the source and a link is sent to the editor.

01/2022